

Potaí do Phailneoirí



Tá líon na bhfeithidí atá againn a bhíonn ag pailniú ag titim. Tá an tríú cuid den 98 speiceas den bheach fhiáin atá againn i mbaol a ndíothaithe. Féachtar leis an bPlean Pailneoirí Uile-Éireann an meath sin a chur ina cheart arís trí dhaoine a spreagadh le bláthanna atá neamhdhíobhálach do phailneoirí a chur ina dtírdhreach.

Ní gá go mbeadh garraí agat chun cuidiú lenár bpailneoirí bochta. Má chuireann tú 'pota do phailneoirí' do do phaitiú nó do bhalcóin (nó bosca fuinneoige), ina bhfuil bláthanna atá lán le pailin nó neachtar, cuirfidh tú bia a bhfuil géarghá leis ar fáil dár bhfeithidí a bhíonn ag pailniú.



Na nithe a bheidh uait:

1. Coimeádán mór, ag a bhfuil trastomhas tuairim is 50cm

Is féidir leat pota a cheannach nó b'fhéidir go bhfuil rud éigin agat cheana féin dá mba mhaith leat úsáid eile a bhaint as. Cuimhnigh cúpla poll draenála a chur in íochtar an choimeádáin chun nach mbeidh sé ag coinneáil an uisce.



2. Múirín ilfheidhme, saor ó mhóin

Is fearr i gcónaí ithir atá saor ó mhóin a roghnú. (Is gnáthóg thábhachtach iad na portaigh mhóna, tá siad tábhachtach freisin do go leor dár gcuid pailneoirí.)

3. Plandaí atá lán le pailin agus neachtar

Mar shampla *Miontas Cait*, *Sáiste*, *Íosóip*, *Liatris Corcra*, *Grafán Autumn Joy*, *Dáilia Aon-bhláth*.

Roghnaíodh na sé phlanda seo mar go bhfásann siad an-mhaith in éineacht i gcoimeádáin agus mar gur féidir iad a fháil go héasca in ionaid gharraíodóireachta. Is féidir eolas a fháil ar bhláthanna, toim agus crainn eile atá neamhdhíobhálach do phailneoirí ar www.pollinators.ie

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Nach bhfuil mórán pailin ná neachtar ar chor ar bith i Lus an Chromchinn, i dtiúilipí ná i bplandaí ceapaí traidisiúnta mar Geiríniam, Beagóiniacha, Balsaimíní, Peatúiniacha, Polyanthus ná Sáistí agus níl aon mhaith iontu i ndáiríre do phailneoirí.

4. Canna spréite

Triomóidh plandaí i bpotáí níos tapa agus beidh níos mó uisce ag teastáil uathu le hais plandaí i gceapach bláthanna. Mura bhfuil canna spréite agat, is féidir leat úsáid a bhaint as buidéal plaisteach folamh agus níl ort ach cúpla poll a chur sa chlaibín plaisteach.



MIONTAS CAIT



ÍOSÓIP



GRAFÁN AUTUMN JOY



SÁISTE



LIATRIS CORCRA



DÁILIA AON-BHLÁTH



Céim ar chéim:

1. Leag do choimeádán in áit atá ar aghaidh na gréine (má dhéantar é seo ar dtús, sábhálfaidh sé ort a bheith ag bogadh coimeádán trom thart arís nuair a bheidh na plandaí curtha). Cuir múirín ann go mbeidh sé dhá thrian lán.
2. Tóg do chuid plandaí amach go cúramach as na potaí ina raibh siad ar dtús agus cur isteach i do choimeádán iad. Cuir an ceann is airde ar chúl.
3. Líon isteach timpeall ar na scraitheanna fréamhacha leis an múirín agus brúigh síos go réidh é go mbeidh sé cúpla ceintiméadar ó bharr do choimeádáin.
4. Cuir neart uisce orthu agus cuir tuilleadh múirín ann más gá.
5. Tabhair aire do do phota do phailneoirí!
 - Cinntigh go mbíonn sé tais agus ní báite le huisce. Nuair a bhíonn tú ag cur uisce air, cuir an t-uisce ar an ithir agus ní ar na plandaí. Is fearr uisce a chur orthu luath ar maidin nó tráthnóna.
 - Bain díobh aon bhláth atá marbh chun go leanfaidh na plandaí de bheith faoi bhláth chomh fada agus is féidir.
 - Nuair nach mbíonn aon bhláth orthu níos mó, lig cead do na bláthanna seargadh go nádúrtha, chun go dtugann siad foscadh d'fheithidí le linn mhíonna an gheimhridh.
6. Bain sult as do phota agus as na pailneoirí éagsúla a tharraingeoidh sé. Bíodh a fhios agat go bhfuil tú ag cuidiú leo.



Cén fáth nach mbainfeá triail as smaointe eile do photaí do phailneoirí leis na roghanna seo atá neamhdhíobhálach do phailneoirí:

Luibheanna atá neamhdhíobhálach do phailneoirí:



TÍM



ORAGÁN



SÁISTE



MARÓS



SÍOBHAS

Bleibíní atá neamhdhíobhálach do phailneoirí:



CRÓCH



MUSCARI



Plandaí a fhásann bliain i ndiaidh bliana atá neamhdhíobhálach do phailneoirí: Beidh tú ábalta sásamh a bhaint as gach ceann de na plandaí, luibheanna nó bleibíní ilbhliantúla atá liostaithe bliain i ndiaidh bliana, ach mura bhfuil agat ach pota beag, b'fhéidir go dtaitneodh leat plandaí ilbhliantúla níos lú a chur atá neamhdhíobhálach do phailneoirí, Biden nó Bacopa mar shampla.

Chun tuilleadh a fháil amach faoi phailneoirí agus mar is féidir leat cuidiú le borradh a chur fúthu, téigh chuig www.pollinators.ie